

P. MAC CON IOMAIRE

Sgréach caol ag an mbreacóg mar bheadh fead.

Sgréach mharbh ag an éan aille.

An Bóthar go Clochán

Bhí an sean-bhóthar ar an taobh ó dheas de Shrath Salach, de na lochanna, trí Aitre agus amach ar an taobh ó dheas de Bhaile na hInse.

Anshógh bidh ortha

Anshógh éadaigh

Dul ar a tuairisg

Cé mb'as é.

Chomh láidir le bun daraighe i gcoill.

Níl an bóthar intsiubhalta

Níl an abhainn intseolta

Tá siad dá mbaisteadh as an ngabha

An tír Mhuighneach

Lá Swítín

Oidhche dhubh ré dhorcha

Tá mé a' cheapadh nach bhfuil sgéal ar bith níos fírinighe ná é.

Níor chuir sé aon chaidéis orainn

Séard thú óinseach

Glíomáil

Leanbaidhe

An bharamhail a bhí aige dúinn

Le crónachan na hoidhche

Teine mhaith ghreannta

An-tsubháilceach

Bheannuigheadar dó an-tsubháilceach

Sé an sgéal é tháinig tháinig sé isteach

As béal a chéile

Bhí sin aige chúig phunt

Talamh tíre mainland

Ceann le fána

Duine ar bith a cheapfadh sé a bheadh lag

Bhuail sé méar a choise faoi chloich

Bhí an phian gaibhte tríd

Tá mé loitthe

Faoi láthair na huaire

Altracha Bána Bhearna

Domhnach Chroim Dhuibh

Sé cothrom an Domhnaigh é ar athruigh Crom dubh ina Chríostaidhe. Domhnach Mám Éan ar an Domhnach seo.

Snag Breac

Tá sé breac agus tá snag aige. Snag – glór

An Gealbhán Buidhe Mór

Éan é a ghníos foghail mór don choirce

Caislín tuime – stonechat

Caislín Cloch

Osgluigheann an bruach sléibhe leis an triomach. Fanann an sgailp osgailte. Ins na sgailpeacha sin is mó a chonnaic mé nead ag an gCaislín Cloch. Sé nó seacht d'uibheacha gorma.

An Broc

Sé an chaoi a bhfuil aghaidh a chuid fionnaidh amach chun a chloiginn. Fionnadh tanaidhe fada chomh fada le fionnadh muice.

Bhí an gadhar sanntach aige. Dhá ladhar ar na cosa tosaigh. Ní baileach go bhfuil na cosa tosuigh ar aon déanamh.

As Condae an Chláir bunáite a bhfuil in Inis Oirir uiliug

Oidhche na gCleas Oidhche Shamhna

Foghail – an chruithneach dhá fhoghalú a' déanamh na foghlach.

Tháinig sé a chomhnaidhe ann.

Tá gath ag an deargadaol ach níl aon ghath ag an gcíoróg.

Is fada ó na chéile Flaitheas Dé agus Ceann Reamhar.

Tá Ceann Reamhar fiadháin.

An Rua

Dá mbeadh at ar a láimh nó ar a éadan agus go ndéanfadh sé traogha tobann deirtí go mba rua é sin. Sé an leigheas a bhí air sin ortha an ruaidh. An ortha chur síos i n-uisge trí thórainn agus an t-uisge a thógáil roimh eirghe na gréine. Tá leigheas ins an uisge sin. Tá leigheas i n-uisge ceardchan, an t-uisge as an umar.

Leigheas a thug an tsidheog

Dileasg na nDásacha agus bairnigh na bhfuiríún

Uisge Ghlais an Fheadha

An té a d'íosfadh trí sháith díobh an lá céadna bheadh sé slán folláin.

Na Dásacha – carraig siar ó Cheann Gólaim

Na Fuiríún – ag Carraig an Mheacain

Glais an Fheadha – ar an gCaiseal.

Nuala Ní Tiobóid i bhFiodhinis

Sinéad Ní Sheachnasa i mBéal an Daingin.

An t-Athair Maoilre – fear d'Fháthartach a thug a chóta dá athair mór, Seán a'Chóta a bhí san Aird. Séamus Nápla mac Donnchadha a ghearr na rópaí a bhí a'ceangal an Athar Maoilre i siléar Barry. Athair mór Mhicilín Pháidín Shéamuis. Lean an t-ainm "An Sagart" do mhac Shéamuis Nápla agus do chlann mac an mhic. Tá "Paddy an tSagairt" ar Phádraig i Sráid Henry.

Clann Phádraic Uí Aoinín san Aird Thoir tá sgéalta aca.

Tá Pádraic Ó hAoinín é féin go maith. Inghean dreathára do Phádraic Mór Ó Maoilchiaráin bean Phádraic Uí Aoinín.

An chéad fhear a chaith cloch i gConamara, fear as Iorrus Mór a bhí ina chomhnaidhe sa Leath-Mhás. As Muirbhigh do Chlann nDonnchadha.

Thug sé an ghrian leis go dtí an Aird – bhí sé san Aird roimh dul faoi na gréine.

Ní raibh an gírrfhiadh féin chomh luath leis.

Grampard

Ainmhí uafásach an grampard. Tá trí mheall ar a dhruim. B'fhéidir go snámhfadh an bád amach idir dhá mheall aca sin. D'fheicfeá trí bhruth a' briseadh ós a cionn.